**Tréimhse Chónaitheachta Pat Coleman do Scríbhneoir atá ag Teacht chun Cinn**

Is breá le hOifig Ealaíne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus le hÁras Éanna Tréimhse Chónaitheachta do Scríbhneoir atá ag Teacht chun Cinn a sheoladh i gcuimhne Pat Coleman.

Ba phearsa faoi leith Pat Coleman a rinne cion tairbhe don saol agus do na daoine i gCathair na Gaillimhe. Oiliúint leictreora a bhí ar Pat a d'oibrigh ag teilgeoireacht scannán; bhí cuid mhór léite aige agus spéis faoi leith aige i scríbhneoirí móra de chuid na hÉireann, ina measc Behan, Lavin, Kavanagh agus, ar ndóigh, James Joyce. Bhain Pat taitneamh iontach as an gceol agus as an ealaín agus in Ionad Ealaíne na Gaillimhe a chaith sé na blianta deiridh dá shaol oibre.

Shaothraigh sé dhá bhliain an-chrua san ospidéal. D'eagraigh an dream fairsing cairde a bhí aige ócáidí chun airgead a bhailiú d'fhonn cuidiú leis an gcostas a chuaigh leis an aire a theastaigh le maireachtáil go neamhspleách. Fuair Pat bás ar an 19 Nollaig 2022.

Déanfar ceiliúradh anois leis na cistí a bhailigh cairde Pat ar a shaol agus ar an tóir a bhí aige ar an ealaín tríd an tréimhse chónaitheachta seo a mhaoiniú. Seo í an bhliain tosaigh den tréimhse chónaitheachta, agus beidh tréimhse chónaitheachta á bronnadh againn go ceann trí bliana anonn go dtí an bhliain 2027.

Leanfaidh an tréimhse chónaitheachta ar feadh trí seachtaine i rith mhí na Bealtaine 2026 . Beidh an méid seo a leanas ar fáil ag an iarratasóir ar a mbronntar an tréimhse chónaitheachta:

- Turas fillte bus agus bád farantóireachta idir Cathair na Gaillimhe agus Inis Oírr.
- Áras féinfhreastail ar feadh na tréimhse cónaitheachta.
- Liúntas €2,000
- Spás stiúideo faoi leith in Ionad Ealaíne Áras Éanna

Ní mór d'ealaíontóir, le cur isteach ar an tréimhse chónaitheachta:

- a bheith saor le glacadh leis an tréimhse iomlán chónaitheachta i mí Bealtaine 2026
- cónaí a bheith air/uirthi i gCathair na Gaillimhe

Chun iarratas a chur isteach, seoltar teachtaireacht ríomhphoist chuig arts@galwaycity.ie leis na nithe seo a leanas faoi iamh:

- Litir chumhdaigh agus cuntas ar an togra ba mhian leat a shaothrú le linn na tréimhse cónaitheachta
- C.V.
- Samplaí de do chuid saothair

Is é an **13 Aibreán 2026** an dáta deiridh maidir le hiarratas a bheith istigh.

Beidh na hiarratasóirí a n-éiríonn lena n-iarratas á bhfógairt i mhí an Aibreán2026.